# Ros Comáin
# Roscommon

**Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2018–2022**

Culture and Creativity Strategy 2018–2022



creative.ireland.ie

‘The Magic Bookshop’ Monkeyshine Theatre Company – children’s theatre piece part commissioned by Roscommon Arts Centre as part of the 2016 Bookworms Children’s Festival

*Compántas Drámaíochta Monkeyshine – ‘The Magic Bookshop’ – píosa drámaíochta do leanaí coimisiúnaithe i bpáirt ag Ionad Ealaíon Ros Comáin mar chuid d’Fhéile Bookworms 2016 na Leanaí*

# Ábhar
## Contents


1 Reámhfhocal an Chathaoirligh
*Foreword by An Cathaoirleach*

2 Réamhfhocal an Phríomhfheidhmeannaigh
*Foreword by Chief Executive*

3 Cultúr agus Cruthaitheacht i Ros Comáin
*Culture and Creativity in Roscommon*

4 Fís Éire Chruthaitheach do Ros Comáin
*Creative Ireland Vision for Roscommon*

5 Luachanna Éire Chruthaitheach i Ros Comáin
*Creative Ireland Values in Roscommon*

6 Tosaíochtaí Straitéiseacha do Ros Comáin
*Strategic Priorities for Roscommon*

7 Forfheidhmiú
*Implementation*

8 Clár Éire Chruthaitheach 2018-2022 Chomhairle Contae Ros Comáin
*Roscommon County Council Creative Ireland Programme 2018–2022*


CONSTANS HIBERNIAE COR

# 1 Reámhfhocal an Chathaoirligh
## Foreword by An Cathaoirleach

MAR CHATHAOIRLEACH AR Chomhairle Contae Ros Comáin fáiltím roimh an deis oibriú le Clár Éire Chruthaitheach 2017-2022 d'fhonn ár gcultúr agus ár gcruthaitheacht a chothú agus a fhorbairt trí bhunluachanna a bhaineann le comhoibriú, cumarsáid, cumasú, rannpháirtíocht agus uileghabhálacht agus pobal.

Neartaíonn agus daingníonn Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2018-2022 tiomantas Chomhairle Contae Ros Comáin maidir le croíphrionsabail an chláir agus aithnítear ár gcur chuige straitéiseach maidir le cothú, éascú agus forbairt ghníomhaíochtaí cruthaitheacha, ealaíne agus cultúrtha inár gcontae i gcomhpháirtíocht le pobail, le gníomhaireachtaí agus le heagraíochtaí indibhidiúla i réimse an chultúir agus na cruthaitheachta. Tugann gníomhaíochtaí cruthaitheacha, ealaíne agus cultúrtha tuiscint níos fearr dúinn ar áilleacht, ar chruthaitheacht agus ar nuálaíocht neamhbhuan agus cabhraíonn siad linn féiniúlacht ár gcontae agus ómós áite a shainmhíniú, agus tacaíonn siad lenár bhfolláine agus leis an gcaighdeán maireachtála.

Leanfaidh aidhm agus cuspóirí na straitéise seo lenár gcultúr agus ár gcruthaitheacht a chur chun cinn trí dheiseanna a sholáthar agus trí thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh a cheadaíonn rochtain ar, agus rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cultúrtha agus cruthaitheacha do dhaoine de gach aois agus cúlra ar fud Ros Comáin.

AS CATHAOIRLEACH OF Roscommon County Council I welcome the opportunity to work with the Creative Ireland Programme 2017–2022 to sustain and develop our cultural landscape and creativity through the core values of collaboration, communication empowerment, participation and inclusivity and community.

The Culture and Creativity Strategy 2018–2022 strengthens and reinforces Roscommon County Council's commitments to the core principals of the programme and identifies our strategic approach to fostering, facilitating and the development of creative, artistic and cultural activities in our county in partnership with individual communities, agencies and organisations in the area of culture and creativity. Creativity, artistic and cultural activities transports us to a greater understanding, awareness and appreciation of transient beauty, creativity and innovation and helps to define our county identity, our sense of place and underpins our wellbeing thus enhancing the quality of life.

The aim and objectives of this strategy will continue to promote our culture and creativity by providing opportunities and supporting initiatives that enable access to and participation in cultural and creative activities for people of all ages and backgrounds across Roscommon.



Ba mhaith liom an obair sármhaith a rinne Rannóga na nEalaíona, Oidhreachta, agus Leabharlainne a mholadh chomh maith le hIonad Ealaíon Ros Comáin as ucht a gcur chuige dírithe ar an bpobal, mar a bhfuil rochtain níos fearr ag cách ar chultúr i gContae Ros Comáin. Ina theannta sin ba mhaith liom Foireann Chultúir Chomhairle Contae Ros Comáin a mholadh chomh maith leis na pobail agus na grúpaí áitiúla as ucht an rath a bhí ar Chlár 2017 agus táim ag tnúth le tógáil ar an rath sin thar shaolré na Straitéise seo.
Go n-éirí an t-ádh leis an straitéis.

**An Comhairleoir Orla Leyden**
Cathaoirleach

I would like to compliment the outstanding work of the Arts, Heritage, Library Departments as well as Roscommon Arts Centre for their community focussed approach, which is making culture more accessible to all in County Roscommon. In addition I would like to compliment Roscommon County Council's Culture Team and local communities and groups on the success of the 2017 Programme and I look forward to building on this success over the lifetime of this Strategy.
Go n-éirí an t-ádh leis an stráiteis.

**Councillor Orla Leyden**
Cathaoirleach

# 2 Foreword by Chief Executive

IS CLÁR COMHOIBRÍOCH idir-rannach agus idirghníomhaireachta é Clár Éire Chruthaitheach 2017-2022 a chuireann cruthaitheacht i gcroílár ár dtodhchaí mar shochaí agus mar thír agus go hidirnáisiúnta. Tá rannpháirtíocht agus rochtain lárnach d'fhís an chláir a thabharfaidh deis do gach duine a gcruthaitheacht indibhidiúil a chomhlíonadh tríd na Cúig Cholún atá sa Chlár Éire Chruthaitheach.

Cothaíonn luach intreach na cruthaitheachta cultúrtha saol agus dea-bhail ár bpobal agus cuireann sí le beartas eacnamaíoch agus sóisialta. Is acmhainn straitéiseach atá i gcruthaitheacht indibhidiúil agus phobail atá riachtanach le pobail bhríomhara a chruthú agus a choinneáil agus dár gcontae. Creidim go dtabharfaidh gníomhaíocht chruthaitheach agus chultúrtha pobail le chéile a neartóidh ár ngeilleagar agus a chuirfidh ár bhféiniúlacht chun cinn, a chaomhnóidh ár gcultúr agus a dhéanfaidh ár n-éagsúlacht a cheiliúradh.

Tá Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2018-2022 Chomhairle Contae Ros Comáin dírithe ar thacú le cruthaitheacht i ngach disciplín, ag feabhsú na cruthaitheachta sna leanaí agus sna daoine óga go léir sa chontae, ag saibhriú na rannpháirtíochta poiblí le cultúr de gach cineál agus infheistíocht straitéiseach agus inbhuanaithe a dhéanamh go leanúnach sa bhonneagar cultúrtha. Creidim go ndéanfaidh an Straitéis seo cultúr agus cruthaitheacht a fhorbairt sa chontae ar bhealaí iontacha agus nuálacha agus go neartóidh sí an tiomáint agus an móiminteam ollmhór atá tar éis fás le blianta beaga anuas.

CREATIVE IRELAND PROGRAMME 2017–2022 is a collaborative interdepartmental and interagency programme which places creativity at the heart of our future as a society and a country and internationally. Participation and access are central to the vision of the programme which will give the opportunity to every person to realise their individual creativity through the Five Pillars of the Creative Ireland Programme.

The intrinsic value of cultural creativity in our society nurtures the lives and wellbeing of our communities and fosters economic and social policy. Individual and community creativity is a strategic resource vital to the creation and sustainability of vibrant communities and our county. I believe that creative and cultural activity will bring communities together to strengthen our economy and promote our sense of identity, preserve our culture and celebrate our diversity.

Roscommon County Council's Culture and Creativity Strategy 2018–2022 focuses on supporting creatives of all disciplines, enhancing creativity in all the children and young people of the county, enriching public engagement with the culture in all its forms and continued strategic and sustainable investment in cultural infrastructure. I believe that this Strategy will develop culture and creativity in the county in exciting and innovative ways and will reinforce the tremendous drive and momentum, which has built up over the past number of years.



Cuirim fáilte roimh Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2018-2022 agus táim ag tnúth leis na cláir agus na tionscnaimh éagsúla, a thiocfaidh chun cinn le linn saolré na straitéise, a bheith á dtabhairt i gcrích.

**Eugene Cummins**
Priomhfheidhmeannach

I welcome the Culture and Creativity Strategy 2018–2022 and I look forward to the delivery of the various programmes and initiatives, which will evolve during the lifetime of the strategy.

**Mr. Eugene Cummins**
Chief Executive

# 3 Cultúr agus Cruthaitheacht i Ros Comáin
## Culture and Creativity in Roscommon

TÁ CRUTHAITHEACHT A chumasú i ngach pobal mar cholún lárnach den Chlár Éire Chruthaitheach – tionscnamh cúig bliana, ó 2017 go dtí 2022, a chuireann cruthaitheacht i gcroílár bheartais phoiblí. Is tionscnamh ardleibhéil, ard-uaillmhéine, uile-rialtais atá ann le cruthitheacht a bheith i lár srutha i saol an náisiúin i dtreo is gur féidir linn ár n-acmhainn iomlán indibhidiúil agus i dteannta a chéile, inár saol pearsanta agus inár n-institiúidí, a bhaint amach. Is clár cultúr-bhunaithe atá sa Chlár Éire Chruthaitheach a ceapadh le folláine indibhidiúil, pobail agus náisiúnta a chur chun cinn. Is í an tairiscint lárnach ná go dtiomáineann rannpháirtíocht i ngníomhaíocht chultúrtha cruthaitheacht phearsanta agus chomhchoiteann, le himpleachtaí suntasacha d'fholláine agus do ghaisce indibhidiúil agus sochaíoch. Is é an Clár Éire Chruthaitheach an príomhbhealach forfheidhmithe atá ann do na tosaíochtaí a aithníodh i gcáipéis bheartais an Rialtais, Cultúr 2025/Éire Ildánach.

Tá tosaíocht tugtha i Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Ros Comáin 2018 – 2022 do na téamaí a bhaineann le leanaí agus óige, pobail, bonneagar cultúir, an earnáil fiontraíochta agus tionsclaíochta agus leis an bhfeasacht agus leis an gcumarsáid a nascann iad seo le cúig cholún Éire Chruthaitheach. Leagann an Plean seo amach an pháirt atá ag Ros Comáin ar an turas cúig bliana seo, ar thionscnamh polasaí tábhachtach náisiúnta é dírithe ar chultúr agus folláine. Is bunaidhm den straitéis cúig bliana seo comhtháthú a dhéanamh ar na straitéisí indibhidiúla cultúr-bhunaithe .i. na hEalaíona, Oidhreacht agus seirbhísí Leabharlainne, ag ailíniú agus ag comhordú a gcuid oibre thar shaolré na Straitéise seo.

Tá saibhreas cultúrtha agus oidhreachta ag baint le Ros Comáin ó na láithreáin agus na caisleáin mheánaoiseacha anuas go dtí a hoidhreacht talmhaíochta agus tionsclaíochta agus a háilleacht nádúrtha. Le forbairt a dhéanamh ar an tírdhreach cultúrtha sa chontae tá foireann de ghníomhairí cultúrtha áitiúla, ag feidhmiú mar chuid de struchtúr an údaráis áitiúil, ag tacú le pobal níos leithne de chleachtóirí, oideoirí agus lucht éisteachta agus creat á sholáthar do chultúr agus do chruthaitheacht ar fud Ros Comáin. Cuimsíonn cultúr i Ros Comáin foirmeacha traidisiúnta agus comhaimseartha, le réimse amharc-ealaíona agus féilte gairmiúla ar ardchaighdeán á gcur ar siúl le hais iliomad féilte ar scála níos lú agus pobalbhunaithe i mbailte agus sráidbhailte ar fud an chontae. Soláthraíonn na féilte seo ardán le daoine agus smaointe a thabhairt le chéile i dtaca le samhlaíocht chomhchoiteann agus cruthaitheacht an chontae.

Tá Ionad Ealaíon Ros Comáin, in éineacht le cláir fhairsinge na dtaibhealaíona gairmiúla, mar lárionad freisin do chlár amharc-ealaíona léirithe ar chomhchéim le dea-chleachtas idirnáisiúnta sna hamharc-ealaíona, ag spreagadh spéise áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá Ionad Ealaíon Ros Comáin, lena fhéilte ealaíona agus a cláir dírithe ar dhaoine óga, tar éis cruthaitheacht agus cultúr dúchasach an chontae a chothú.

Tacaíonn Comhairle Contae Ros Comáin le forbairt na n-ealaíona áitiúil tríd a hOifig Ealaíon agus Ionad Ealaíon Ros Comáin. Nascann an Oifig Ealaíon, agus tugann sí tacaíocht d'iarrachtaí ealaíonta sa chontae. Is iad ceithre thosaíochtaí Phlean na nEalaíon 2017-2021 ná (1) An tEalaíontóir, (2) Rannpháirtíocht Phoiblí (3) Leanaí agus Daoine Óga agus (4) Bonneagar Ealaíona Baineann na tosaíochtaí lárnacha le cistiú a sholáthar, cur le hacmhainn san earnáil ealaíon agus chultúir agus ealaín phoiblí a chur chun cinn agus tacú léi ar an mbealach is leithne. Agus sin á dhéanamh, féachtar ar

ENABLING CREATIVITY IN every community is a core pillar of the Creative Ireland Programme – a five-year initiative, from 2017 to 2022, which places creativity at the centre of public policy. It is a high-level, high-ambition, all-of-government initiative to mainstream creativity in the life of the nation so that individually and collectively, in our personal lives and in our institutions, we can realise our full creative potential. The Creative Ireland Programme is a culture-based programme designed to promote individual, community and national wellbeing. The core proposition is that participation in cultural activity drives personal and collective creativity, with significant implications for individual and societal wellbeing and achievement. The Creative Ireland Programme is also the main implementation vehicle for the priorities identified in the Government's policy document, Culture 2025/ Éire Ildánach.

The Roscommon Culture and Creativity Strategy 2018 – 2022 has prioritised the themes of children and youth, communities, culture infrastructure, industry and enterprise sector and awareness and communication interconnecting these with the five pillars of Creative Ireland. This Strategy sets out Roscommon's part in this five-year journey, a truly important national policy initiative centred on culture and wellbeing. A primary purpose of this five-year strategy is to bring coherence to the individual culture-based strategies i.e. Arts, Heritage and Libraries services, aligning and coordinating their work over the lifetime of this Strategy.

Roscommon is rich in culture and heritage from its prehistoric sites and castles, through to its agricultural and industrial heritage and natural beauty. Developing the cultural landscape in the county are a team of local cultural agents, operating as part of the local authority structure, supporting a wider community of practitioners, educators and audiences and delivering the framework for culture and creativity across Roscommon. Culture in Roscommon crosses traditional and contemporary forms, offering a range of high quality professional visual arts and festivals alongside multiple smaller scale and community-run festivals in towns and villages across the county. These festivals provide platforms for connecting people and ideas on the collective imagination and creativity of the county.

The Roscommon Arts Centre in addition to extensive professional performing arts programming is also the centre of a curated visual arts programme which has been on a par with international best practice in the visual arts, attracting interest locally, nationally and internationally. Roscommon Arts Centre with its arts festivals and young person focused programming has nurtured the innate creativity and culture of the county.

Roscommon County Council supports local arts development through its Arts Office and Roscommon Arts Centre. The Arts Office connects and supports artistic endeavour in the county. The four priorities of the Arts Plan 2017 – 2021 are (1) The Artist, (2) Public Engagement (3) Children and Young People and (4) Arts Infrastructure. Its core objectives lie in providing funding, enhancing capacity in the arts and cultural sector and promoting and supporting public art in the broadest sense. In so doing it looks outwards to international models of practice, partnering regionally, locally and nationally to deliver on its strategic agenda.

Roscommon places access and understating of its heritage at the heart of its cultural offering. Heritage is seen as central to the wellbeing of the county and a focus for cultural development.

eiseamláirí cleachtais idirnáisiúnta, le páirtíocht réigiúnach, áitiúil agus náisiúnta á dhéanamh le freastal ar an gclár oibre straitéiseach.

Cuireann Ros Comáin rochtain agus tuiscint ar a hoidhreacht i gcroílár a tairisceana cultúrtha. Feictear go bhfuil oidhreacht lárnach do dhea-bhail an chontae agus mar fhócas d'fhorbairt chultúrtha. Soláthraíonn Plean Oidhreachta 2017-2021 Chomhairle Contae Ros Comáin fís maidir le méadú a dhéanamh ar rochtain air, agus rannpháirtíocht le, gach gné den oidhreacht ón timpeallacht thógtha go dtí an timpeallacht nádúrtha i Ros Comáin. Ó chuimsiú a tírdhreacha tógtha agus nádúrtha go bithéagsúlacht agus staidéar allamuigh, chuireann an Plean tuiscint agus taitneamh as a hoidhreacht chomhroinnte chun cinn mar bhealach le caighdeán na beatha agus dea-bhail a saoránaigh a fheabhsú.

Tá seirbhís leabharlainne bríomhar sa chontae, le cláir a chabhraíonn le pobail chruthaitheacha a fhorbairt trí chur chuige idirghlúine maidir le foghlaim, ag cuimsiú gach aoisghrúpa. Déanann sé pobail nasctha a éascú trí imeachtaí agus deiseanna rochtana ar spásanna poiblí a thairiscint ar fud an chontae, ag soláthar acmhainní, gníomhaíochtaí agus ábhair le fóillíocht a fheabhsú. I gcomhar le seirbhísí eile áitiúla, soláthraíonn sé cláir lárnacha ar a n-áirítear: cláir scríbhneoirí cónaithe, Féile Leabhar Bookworms do Leanaí, cláir chultúrtha ildisciplíneacha, cláir agus gníomhaíochtaí ionchuimsithe sóisialta agus rochtain ar chultúr trí chartlanna, oidhreacht, staidéar áitiúil, foilseacháin, cur chun cinn agus acmhainní ar líne.

Roscommon County Council's Heritage Plan 2017–2021 provides a vision to increase access to, and engagement with, all aspects of heritage from built to natural environment in Roscommon. From embracing its built and natural landscape to biodiversity and continuing field studies the Plan promotes appreciation and enjoyment of its shared heritage as a means to improving the quality of life and wellbeing of its citizens.

The county is home to a vibrant library service, with programmes which assist the development of creative communities through an intergenerational approach to learning encompassing all age ranges. It facilitates connected communities through events and opportunities offering access to public spaces throughout the county, providing resources, activities and materials to enhance leisure. In partnership with other local services it delivers core programmes which include; writer-in-residence programmes, Bookworms Children's Book Festival, multi-disciplinary cultural programmes, social inclusion programmes and activities and access to culture via archives, heritage, local studies, publications, promotion and online resources.





## Saol Cruthaitheach – Léargas ar an dea-thionchar cruthaitheach a bhaineann le cónaí i gContae Ros Comáin

Bíonn a lán tosca i gceist le saol cruthaitheach a bhunú agus a choinneáil. Maidir liomsa, ba é an rud ba mhó a spreag mo chruthaitheacht ná an t-aistriú ó thimpeallacht uirbeach a bhí gnóthach, callánach agus strusmhar go minic go timpeallacht a bhí ciúin, suaimhneach agus socair. Go dtí gur tháinig mé chun cónaithe i Ros Comáin – i seanteachín álainn lasmuigh de shráidbhaile gleoite Chéididh - níor cheapas go raibh mórán cruthaitheachta ag baint liom, seachas dán nó scéal a scríobh anois agus arís.

Tá atmaisféar cruthaitheach sa chontae nach bhfuil le fáil in aon chontae eile. Baineann cuid de seo le líon na n-ealaíontóirí atá tar éis lonnú anseo le fiche nó tríocha bliain anuas. B'fhéidir gur tháinig mórán de na healaíontóirí chuig an réigiún ar dtús toisc nárbh acmhainn dóibh áit dá gcuid féin a cheannach in aon áit eile, ach de réir a chéile chuiagh an tírdhreach, na daoine, agus an saol brae réidh i bhfeidhm orthu agus chuthaigh sin a gcruthaitheacht nádúrtha.

**Gerry Boland**
Scríbhneoir

## A Creative Life – Reflection on the positive creative impact of living in County Roscommon

Many factors contribute towards the establishment and sustainability of a creative life. For me, the moving from a busy, noisy, often stressful urban environment to a quiet, tranquil, reliably calm environment played the biggest role in unlocking my creative self. Until I came to Roscommon to live – in a lovely old cottage outside the picturesque village of Keadue – I did not regard myself as a particularly creative person, beyond penning the odd poem or story.

There is a creative atmosphere in the county that is not to be found in any other county. This may in part be explained by the many artists who have settled here over the past twenty or thirty years. Many of these artists may initially have been drawn to the region because they could not afford to buy a place of their own anywhere else, but the landscape, and the people, and the slow pace of life, gradually infiltrated their inner selves and nurtured their natural creativity.

**Gerry Boland**
Writer



Máirseáil na Tána 2017
*Táin March 2017*

Tá tionchar fíordhearfach ag a bheith i mo chónaí faoin tuath i Ros Comáin ar mo chruthaitheacht. Bhí an tacaíocht a fuair mé ón údarás áitiúil ríthábhachtach maidir le mé a fhorbairt mar scríbhneoir, go háirithe an deis a tugadh dom le bheith mar scríbhneoir cónaithe ar feadh dhá bhliain as a chéile, i 2013 agus 2014. Leis an gceangal atá anois agam leis an gcontae, is deacair dom a shamhlú go mbeinn i mo scríbhneoir in aon áit eile. Is anseo a thosaigh mo thuras cruthaitheach i ndáiríre, agus ba anseo a déanadh scríbhneoir díom.

Tá cónaí orm i Ros Comáin ó 2005 agus i gcaitheamh an ama sin bhí an t-ádh orm a bheith sa riocht le dul le slí bheatha mar léiritheoir neamhspleách ar na hamharc-ealaíona, ag obair ar thionscadail ar fud na hÉireann agus go hidirnáisiúnta. Toisc go bhfuil sé ar an imeall, is féidir nach gceapfadh daoine go bhfuil oidhreacht shaibhir ag baint leis an gcontae ó thabh amharc-ealaíona, ach is anseo a rugadh mórán ealaíontóirí a bhfuil clú idirnáisiúnta orthu ar a n-áirítear James Coleman, Brian O'Doherty agus Roderick O'Connor.

Ach is é an rud is tábhachtaí ná caighdeán na beatha, an pobal atá ann agus an mothú a bhaineann le bheith i do chónaí faoin tuath agus a bheith i ngiorracht chomaitéireachta éasca do chathracha a dhéanann cónaí anseo chomh speisialta.

**Linda Shevlin**
Léiritheoir Neamhspleách,
Ionad Ealaíon Ros Comáin
/ Oifig Ealaíon Ros Comáin

Living in rural Roscommon has had a profoundly positive impact on my creative self. The support I have received from the local authority has been instrumental in my development as a writer, in particular the opportunity to be the county's writer-in-residence for two years running, in 2013 and 2014. Such is my relationship with the county now, I honestly cannot imagine being a writer anywhere else. It was here that my creative journey began in earnest, and it was here that I became a writer

I have lived in Roscommon since 2005 and in that time I have been fortunate enough to be in a position to pursue a career as an independent visual art curator working on projects all over Ireland and Internationally. Being on the periphery, Roscommon may not be at the forefront of people's minds as a county with a rich heritage in visual art but many internationally acclaimed artists were born here including James Coleman, Brian O 'Doherty and Roderick O'Connor.

But, most importantly it is the quality of life, sense of community and the feeling of living rurally while also being within easy commuting distance to cities that makes living here so special.

**Linda Shevlin**
Independent Curator,
Roscommon Arts Centre
/ Roscommon Arts Office



'Paper Bubbles' leis an gcompántas drámaíochta Spáinneach Bacum a chuir an seó rince seo do leanaí ar an ardán ag Ionad Ealaíon Ros Comáin

*'Paper Bubbles' by Spanish theatre company Bacum who performed this children's dance show at Roscommon Arts Centre*

# 4 Fís Éire Chruthaitheach do Ros Comáin
## Creative Ireland Vision for Roscommon

*"Go mbeadh deis ag cách baint a bheith acu le, agus taitneamh a bhaint as féith chruthaitheach shaibhir Chontae Ros Comáin"*

Cuireann Comhairle Contae Ros Comáin fáilte roimh Éire Chruthaitheach a iarrann ar údaráis áitiúla a bheith rannpháirteach agus tacú le pobail áitiúla maidir le clár imeachtaí a sholáthar a thagann leis an tionscnamh náisiúnta. Tá ár bhfís straitéiseach ailínithe le fís agus tiomantais Phlean Corparáideach 2015-2019, Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2016-2021, Plean na nEalaíon 2017-2021, Plean Oidhreachta 2017-2021, Seirbhísí Leabharlainne agus Plean Forbartha Fiontraíochta Áitiúil 2017-2020.

Tá Foireann Chultúir Chomhairle Contae Ros Comáin ionadaíoch maidir le príomhsheirbhísí an údaráis áitiúil ar a n-áirítear na healaíona, leabharlanna, oidhreacht agus an pobal agus fiontraíocht atá ag teacht leis an gcur chuig comhoibríoch atá ag Éire Chruthaitheach go náisiúnta. Creidimid nach bhfuil cultúr gan athrú, go mbíonn sé ag athrú agus ag forbairt de shíor. Creidimid gur chóir go mbeadh rochtain ag cách ar ár gcláir, creidimid go láidir i gcomhoibriú agus sa ghá leanúnach atá le hacmhainní a chmhroinnt, le smaointe a chomhroinnt agus le deiseanna a chruthú do chách.

*"That every person will have an opportunity to experience, enjoy and engage with the limitless nature of County Roscommon's rich creative vein"*

Roscommon County Council welcomes Creative Ireland which calls on local authorities to engage with and support local communities in delivering a programme of events which complements the national initiative. Our strategic vision is aligned to the vision and commitments in the Corporate Plan 2015–2019, Local Economic and Community Plan 2016–2021, Arts Plan 2017–2021, Heritage Plan 2017–2021 , Library service and the Local Enterprise Development Plan 2017–2020.

Roscommon County Council's Culture Team is representative of the key local authority services which includes the arts, libraries, heritage and community and enterprise which is in keeping with the cooperative approach taken by Creative Ireland nationally. We believe that culture is not static, that it is always changing and evolving. We believe in access by all to all of our programmes, we believe strongly in collaboration and in the ongoing need to share resources, to share ideas and to create opportunities for everyone.



Tá ealaíontóirí, scríbhneoirí agus lucht na n-ealaíon éis ár bhféiniúlachtaí comhchoiteann a chur in iúl i gcónaí i scéalaíocht, amhránaíocht, rince, deasghnáth, ceiliúradh agus comóradh. Agus í ag glacadh le hÉire Chruthaitheach, aithníonn Comhairle Conate Ros Comáin an gaol atá idir cruthaitheacht, rannpháirtíocht agus acmhainní. Tugann an tionscnamh seo deis le guthanna agus bealaí éagsúla curtha in iúl a spreagadh, as ar féidir le smaointe nua teacht chun cinn agus athinsint a bheith ar sheanscéalta.

Tá ról lárnach ag Foireann Chultúir Ros Comáin maidir le forbairt agus soláthar na Straitéise seo, ag obair le pobail áitiúla le cruthaitheacht a chothú agus an Straitéis a thabhairt i gcrích. Déanfaidh an Fhoireann deimhin de go mbíonn cur chuige comhtháite ann maidir le tacaíocht, forbairt agus clársceidealú cultúrtha, a thagann le cuspóirí na bpleananna agus na straitéisí atá ann don chontae agus d'fhís Éire Chruthaitheach.

Artists, writers and creatives have always expressed their collective identities in story, song, dance, ritual, celebration and commemoration. In embracing Creative Ireland, Roscommon County Council recognises the relationship between creativity, participation and resources. This initiative provides an opportunity to encourage a multiplicity of voices and forms of expression, from which new ideas can emerge and old stories can be retold.

The Roscommon Culture Team plays a key role in the development and delivery of this Strategy, working with local communities to foster creativity and successful delivery of the Strategy. The Team will ensure a coherent approach to cultural support, development and programming, which reflects the objectives of relevant existing plans and strategies for the county and the Creative Ireland vision.



Comhdháil Dhubhghlas de hÍde 2017

*Douglas Hyde Conference 2017*

# 5 Luachanna Éire Chruthaitheach i Ros Comáin
## Creative Ireland Values in Roscommon

***Comhoibriú, Cumarsáid, Pobal, Rannpháirtíocht, Cuimsitheacht agus Cumasú***

Tá cultúr, cruthaitheacht agus na healaíona bunúsach do dhaoine, do shochaí agus do thír. Cuireann cultúr, cruthaitheacht agus na healaíona le taithí dhuine ar –agus den-saol agus is bealach iad le cumarsáid agus le nascadh le daoine eile, leis an sochaí agus leis an domhan. Ceadaíonn siad bealaí le cineálacha éagsúla ealaíne, ceoil, amhranaíochta, rince, filíochta, scéalaíochta, amharclannaíochta agus oidhreachta a chruthú agus le tuiscint a fháil orthu. Soláthraíonn gníomhaíochtaí cultúrtha, cruthaitheachta agus ealaíona deis le taithí a fháil agus le sárthaispeántas a dhéanamh ar ár bhféiniúlacht mar dhaoine, ag cothú mórtais dá réir, agus tuiscint ar dhlúthpháirtíocht i gcontae agus in áit.

Tá cultúr lárnach don saol féin mar a n-aimsíonn an duine an spás agus an saoirse len é/í féin a chur in iúl agus do chruthaitheacht. Aimsíonn grúpaí de dhaoine a mbíonn an dearcadh céanna acu ábhar spéise a bhíonn acu i bpáirt trí ghníomhaíocht chultúrtha i ngach foirm, ar féidir leis daoine a thabhairt le chéile agus iad a nascadh leis an bpobal.

Tá Comhairle Contae Ros Comáin tar éis infheistíocht a dhéanamh i gcultúr trí bhonneagar na n-ealaíon sa chontae a thógáil agus a fheabhsú ar a n-áirítear King House, Mainistir na Búille agus a fhoirgnimh agus a áitribh thánaisteacha, Ionad Ealaíon Ros Comáin agus Ionad Dhubhghlas de hÍde i nDún Gar. Fuarthas mórchistiú i 2017 le forbairt a dhéanamh ar chéim a dó d'Ionad Ealaíon Ros Comáin. Tosófar ag obair i 2018 ar shíneadh dhá urlár ar an ionad mar a mbeidh gailearaí agus ceardlann nua.

Méadaíodh ar an infheistíocht inár gcláir chultúrtha, ag tacú, ag dearbhú agus ag forbairt na dtionscnamh sin a bhfuil ag éirí leo. Déanadh forbairt ar thionscnaimh nua agus dúshlánach mar an clár forbartha litríochta agus an clár ealaíona agus míchumais agus tacaíodh leo. Tá cistiú, spreagadh agus tacaíocht á thabhairt d'fhorbairt na hearnála scannánaíochta sa chontae agus sa réigiún. Déanadh Plean na nEalaíon 2017 – 2021 a scríobh i gcomhthéacs an aitheantais ar chultúr, ar chruthaitheacht agus ar na healaíona a bheith níos bunúsaí do shochaí níos rathúla. Tá méadú ag teacht ar an tuiscint i ngach roinn Rialtais go mbaineann cultúr le cách agus gur gá rochtain ar, agus rannpháirtíocht sna healaíona a mhéadú d'fhonn ár dtionscail chruthaitheacha a spreagadh agus ár n-oidhreacht a chaomhnú.

Tacóidh Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Ros Comáin 2018-2022 le pobail, le grúpaí agus le daoine indibhidiúla le hoibriú agus le cónaí sa chontae, le hinfheistíocht á mhéadú i mbonneagar na n-ealaíona agus méadú ar an leibhéal rannpháirtíochta i ngníomhaíocht chultúrtha ag leibhéal áitiúil. Díreofar ar na tosaíochtaí a aithníodh sa Straitéis seo. Tógfar ceann i ngach clár agus gníomhaíocht de dhéimeagrafaic an chontae agus freagrófar do riachtanais agus mianta ar leith na ndaoine sa chontae tuaithe seo. Beidh na cláir dúshlánach, spreagúil agus ionspioráideach le foirmeacha ealaíne agus cultúir atá nua, éagsúil agus neamhghnách go minic á dtabhairt isteach.

***Collaboration, Communication, Community, Participation, Inclusivity and Empowerment.***

Culture, creativity and the arts are fundamental to people, society and a country. Culture, creativity and the arts add to a person's experience in – and of – life and are a way of communicating and connecting with others, society and the world. They enable ways of creating, relating to and of appreciating various forms of art, music, song, dance, poetry, stories, theatre and heritage. Cultural, creative and arts activities provide an opportunity to experience and showcase what makes us unique as a people, thereby not only instilling a sense of pride, but also creating a sense of belonging to a county and place.

Culture is integral to life itself where the individual finds the space and freedom for expression and creativity. Groups of like-minded people discover, through the cultural activity in all its forms, shared interests which can unify and create a feeling of acceptance and belonging and linkage to communities.

Roscommon County Council has invested in culture by building and improving the arts infrastructure in the county including King House, Boyle and its ancillary buildings and premises, Roscommon Arts Centre and the Douglas Hyde Centre in Frenchpark. Major funding was secured in 2017 for the development of phase two of Roscommon Arts Centre. Work will commence in 2018 on the two-storey extension to the centre which will include a new gallery and workshop.

There has been increased investment in our cultural programmes, supporting, affirming and developing those initiatives which are proving successful. New and challenging initiatives such as the literary development programme and arts and disability programme have been developed and supported. The development of the film sector in the county and in the region is being resourced, encouraged and supported. The Arts Plan 2017 – 2021 was written in the context of the recognition of culture, creativity and the arts being intrinsic to a more prosperous society. There is a growing belief across all Government departments that culture belongs to everybody and that there is a need to increase access to, and participation in, the arts, to boost our creative industries and preserve our heritage.

Roscommon Culture and Creative Strategy 2018 – 2022 will support creative communities, groups and individuals to work and live in the county, increase investment in arts infrastructure and grow the level of engagement and participation in cultural activity at local level. The focus will be on the priorities as identified in this Strategy. All programmes and activities will have regard to the demographics of the county and to respond to the unique needs and desires of the people of this rural county. The programmes will also be challenging, stimulating and inspiring introducing forms of art and culture which are new, different and often out of the ordinary.

# 6 Tosaíochtaí Straitéiseacha do Ros Comáin
## Strategic Priorities for Roscommon

DÉANADH TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA Ros Comáin a fhorbairt as taighde fhairsing, mapáil agus eolas a bailíodh agus as torthaí an phróisis chomhairliúcháin agus rannpháirtíochta atá lárnach do phleananna straitéiseacha sheirbhísí ealaíona, oidhreachta agus leabharlanna agus atá ailínithe le haidhmeanna agus cuspóirí phleananna, pholasaithe agus straitéisí ár n-eagraíochta.

Cuireadh na tosaíochtaí ar an eolas freisin trí chomhairliúcháin ar fud an chontae agus i scoileanna maidir le hiarratas an Music Generation ón gcontae. Thug an próiseas comhairliúcháin seo go léir na freagraí a chur ar chumas na Foirne Cultúir tosaíochtaí a fhorbairt atá comhnasctha agus fócasaithe.

Tugtar aghaidh so sonrach sna tosaíochtaí ar Cholún 2 den Chlár Éire Chruthaitheach Cumasú na Cruthaitheachta i nGach Pobal agus é ag forluí freisin ar na colúin eile trí na meicníochtaí soláthair agus feabhsú na gclár cultúrtha atá ann, agus ag tógáil ar na tionscnaimh a soláthraíodh don chlár i 2017 i Ros Comáin.

ROSCOMMON'S STRATEGIC priorities have been developed from extensive research, mapping and information gathering and from the outputs of the consultation and engagement process integral to the arts, heritage and library services strategic plans and is aligned to the aims and objectives of our organisational plans, policies and strategies.

The priorities were also informed by consultations which were held throughout the county and in schools in relation to the Music Generation application from the county. All of this consultation process delivered responses which enabled the Culture Team to develop priorities that are inter-linked and focused.

The priorities specifically address Pillar 2 of the Creative Ireland Programme of **Enabling Creativity in Every Community** and also overlap with the other pillars through delivery mechanisms and enhancement of existing cultural programmes, while building on the initiatives delivered for the programme in 2017 in Roscommon.



### Tosaíocht 1: Leanaí agus Óige Chruthaitheach

Déanfaidh Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Ros Comáin 2018-2022 iarracht a chinntiú go mbíonn níos mó rochtana ag leanaí agus daoine óga ar theagasc, taithí agus rannpháirtíocht sna healaíona, oidhreacht agus gníomhaíochtaí leabharlainne faoi 2022. Cuireann rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha agus cultúrtha ar chumas dhaoine óga fás agus forbairt ina saol pearsanta agus cabhraíonn sé le scileanna saoil a thabhairt dóibh don todhchaí.

Leanfaidh Foireann Chultúir Chomhairle Contae Ros Comáin le cur chun cinn a dhéanamh ar rochtain ar ghníomhaíochtaí cultúrtha do leanaí agus do dhaoine óga i dtreo is go mbíonn deis acu taithí a fháil ar chultúr ar ardchaighdeán i láthair neamhfhoirmeálta mar dhaoine cruthaitheacha, rannpháirtithe, lucht féachana agus criticeoirí.

**Príomhghníomhaíochtaí**

1. A chinntiú go mbíonn fócas ar fud an chontae ar ghníomhaíochtaí agus imeachtaí cruthaitheacha do leanaí agus do dhaoine óga sna healaíona, i gcultúr, oidhreacht agus leabharlanna i láithreacha foirmeálta agus neamhfhoirmeálta.
2. Tacaíocht a thabhairt do thionscal na scannánaíochta agus beochana do leanaí agus do dhaoine óga sa chontae agus i réigiún an iarthair.
3. Feabhas a chur, agus tacaíocht a thabhairt do Chlár Forbartha Litríochta Chontae Ros Comáin do leanaí agus do dhaoine óga.
4. Tacú leis an gclár Music Generation i gContae Ros Comáin, a sholáthróidh rochtain ar oideachas léirithe ceoil ar ardchaighdeán, fóirdheonaithe, neamhghnách do leanaí agus do dhaoine óga sa chontae.

### Priority 1: Creative Children and Youth

The Roscommon Culture and Creativity Strategy 2018 – 2022 will seek to ensure that children and young people have increased access to tuition, experience and participation in the arts, heritage and library activities by 2022. Participation in creative and cultural activities equips children and young people to grow and develop in their personal lives and helps give them life skills for the future.

The Roscommon County Council Culture Team will continue to promote access to cultural activities for children and young people so that they have the opportunity to experience high quality culture in a non formal setting as creatives, participants, spectators and critics.

**Key Actions**

1. Ensure a county wide focus on creative activities and events for children and young people in arts, culture, heritage and libraries in formal and non-formal settings.
2. Support the film and animation industry for children and youth in the county and the western region.
3. Enhance and support the County Roscommon Literary Development Programme for children and youth.
4. Support the Music Generation Programme in County Roscommon, which will provide access to high quality, subsidised, non-mainstream, performance music education to children and young people in the county.
5. Establish a substantial music instrument bank for the development of the Music Generation programme in the county.

5. Banc substaintiúil d'uirlisí ceoil a bhunú d'fhonn an clár Music Generation a fhorbairt sa chontae.

## Tosaíocht 2: Pobail Chruthaitheacha

Chuir an próiseas comhairliúcháin béim ar an dúil go mbeadh rochtain ag daoine ar sholáthar cultúrtha go háitiúil. Cuirfidh an Straitéis seo ar chumas na bpobal áitiúil a n-acmhainn chultúrtha féin a fhorbairt, le gníomhaíocht chultúrtha a phleanáil, a léiriú agus a bhainistiú ag leibhéal áitiúil. Cabhróidh seo dá réir le níos mó cuimsitheachta a fhorbairt i bpobail, féiniúlacht ar leith a léiriú agus lucht spéise áitiúil a thógáil maidir le rannpháirtíocht chultúrtha agus chruthaiIheachta.

**Príomhghníomhaíochtaí**

1. Clár imeachtaí agus gníomhaíochtaí ilghnéitheach a fhorbairt i gContae Ros Comáin a spreagfadh cruthaitheacht agus rannpháirtíocht chultúrtha i gcomhar leis na seirbhísí leabharlainne, leis na healaíona agus le seirbhísí oidhreachta.
2. A chinntiú go dtugtar tacaíocht do sheandaoine sa phobail agus in áiteanna a bhfuil cúram á thabhairt dóibh a dtaithí saoil a chaomhnú, a fhorbairt agus a fheabhsú go cruthaitheach tríd na healaíona, trí thionscnaimh chultúrtha agus trí rannpháirtíocht leis an oidhreacht thógtha agus nádúrtha.
3. Tacú le daoine faoi mhíchumas taithí iomlán a fháil agus cur le saol ealaíne agus cultúrtha na hÉireann mar ealaíontóirí, mar lucht spéise agus sna healaíona agus sa timpeallacht chultúrtha.

## Priority 2: Creative Communities

The consultation processes highlighted a desire for people to have access to cultural provision locally. This Strategy will enable local communities to develop their own cultural capacity, to plan, programme, and produce and manage cultural activity at a local level. This is turn will help to develop greater inclusivity in communities, reflect specific identities and build local audiences for culture and creative engagement.

**Key Actions**

1. Develop a multi faceted annual programme of events and activities in County Ros-common which encourage creativity and cultural participation in collaboration with library services, arts and heritage services.
2. Ensure that older people in the community and in care settings are supported to creatively preserve develop and enhance their life's experiences through the arts, through cultural initiatives and through the engagement with the built and natural heritage.
3. Support people with disabilities to fully experience and contribute to Irish artistic and cultural life as artists, as audiences and in the arts and cultural environment.





4. Tacú leis an gclár Music Generation i gContae Ros Comáin, a sholáthróidh rochtain ar léiriú ceoil ar ardchaighdeán, fóirdheonaithe, neamhghnách i measc an phobail.
5. Imeacht a eagrú go bliantúil dírithe aar chultúr, cruthaitheacht agus oidhreacht.
6. Clár comóraidh a sholáthar a bhaineann le himeachtaí suntasacha i stair na hÉireann a tharla idir 1912 agus 1922.
7. Bainistiú a dhéanamh ar phróiseas maoinithe do thionscnaimh a léiríonn ómós áite, féiniúlacht agus cultúr.

4. Support the Music Generation Programme in County Roscommon, which will provide access to high quality, subsidised, non-mainstream, performance music in the community.
5. Organise an annual event focusing on culture, creativity and heritage.
6. Deliver a programme of commemorations relating to the significant events in Irish history that took place between 1912 & 1922.
7. Manage a funding process for initiatives which reflect a sense of place, identity and culture.



'Alice in Wonderland' ó Chompántas Amharclannaíochta Blue Raincoat atá bunaithe i Sligeach from Sligo based Blue Raincoat, a bhí ar an stáitse ag Ionad Ealaíon Ros Comáin ar an 21ú Deireadh Fómhair 2017

*'Alice in Wonderland' from Sligo based Blue Raincoat Theatre Company, performed at Roscommon Arts Centre on 21st October 2017*

## Tosaíocht 3: Bonneagar do Chultúr Cruthaitheach

Is príomhchinntitheach atá in ionaid agus saoráidí ealaíona maidir le rannpháirtíocht sna healaíona. Is féidir le hionad ealaíona a bhíonn dea-bhainistithe, inrochtana méadú a dhéanamh ar leibhéal na ndeiseanna le freastal ar imeachtaí, taispeántais agus léirithe ealaíona. Tá gá le hinfheistíocht straitéiseach agus inbhuanaithe i bhforbairt bhonneagair ealaíona sa chontae lena chinntiú go mbaineann an pobal taitneamh as réimse leathan ealaíona ar ardchaighdeán mar lucht spéise agus mar rannpháirtithe. Déanfaidh infheistíocht leanúnach i dteicneolaíocht sna leabharlanna a chinntiú gur féidir leis an bpobal leanúint le húsáid a bhaint as na seirbhísí luachmhara seo agus déanfaidh fócas leanúnach ar luach agus tábhacht ár n-oidhreachta tógtha agus nádúrtha í a chaomhnú do na glúnta atá le teacht.

### Príomhghníomhaíochtaí

1. Spásanna oibre a fhorbairt in Ionad Ealaíon Ros Comáin ar déanadh athchóiriú air le déanaí.
2. Tacú leis an gclár imeachtaí i saoráidí feabhsaithe Ionad Ealaíon Ros Comáin.
3. Feabhas a chur ar líonra na leabharlanna ar fud an chontae trí theicneolaíocht nua agus deiseanna a sholáthar do phobail a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha agus cultúrtha ina leabharlann áitiúil.
4. Leanúint le tacú leis an mbonneagar cultúrtha sa chontae le rochtain fheabhsaithe agus rannpháirtíocht a cheadú i ngníomhaíochtaí cultúrtha.
5. Leanúint le tacaíocht a thabhairt agus cosaint a dhéanamh ar éagsúlacht ár n-oidhreachta tógtha agus nádúrtha i gcomhar leis an bpobal.

## Priority 3: Creative Culture Infrastructure

Arts venues and facilities are a major determinant of arts engagement. The existence of a well managed, accessible arts venue can raise the level of opportunity to attend arts events, exhibitions and performances. Strategic and sustainable investment in the development of arts infrastructure in the county is necessary to ensure that the public can enjoy a wide range of quality arts experiences both as audiences and participants. Ongoing investment in technology in the libraries will ensure that the public can continue to engage with these valuable services while continued focus on the value and importance of our built and natural heritage will preserve it for future generations.

### Key Actions

1. Develop workspaces in the newly refurbished Roscommon Arts Centre.
2. Support the programme of events in the enhanced facilities of Roscommon Arts Centre
3. Enhance the network of libraries throughout the county through new technology and provide opportunities for communities to engage in creativity and cultural activities in their local library.
4. Continue to support cultural infrastructure in the county to enable improved access to and participation in cultural activities.
5. Continue to support and protect our rich and diverse built and natural heritage in partnership with the community.





## Tosaíocht 4: Earnáil na Tionsclaíochta agus na Fiontraíochta Cruthaithí

Éilíonn earnáil na tionsclaíochta agus na fiontraíochta cruthaithí eolas, oiliúint, meantóireacht agus tacaíocht airgeadais ar ardchaighdeán le tógáil ar acmhainn dearth táirgí, rochtain ar mhargadh agus acmhainn fhostaíochta a mhéadú.

### Príomhghníomhaíocht

1. Comhoibriú le hOifig Fiontair Áitiúil Ros Comáin le tacaíocht a thabhairt don earnáil earnáil tionsclaíochta agus fiontraíochta cruthaithí a ngnó a chothabháil, a fhorbairt agus a fhás trí mheantóireacht, oiliúint i scileanna gnó, dearaidh, brandála agus margaíochta.
2. An earnáil chruthaitheach agus ceardaíochta a chumasú le bheith rannpháirteach in imeachtaí seóthaispeántais go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.
3. A bheith i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí agus gníomhaireachtaí le cabhrú leis an earnáil tionsclaíochta agus fiontraíochta cruthaithí rochtain a fháil ar shainoiliúint, gréasáin agus braislí a thógáil agus a ngnó a chur chun cinn.

## Priority 4: Creative Industry and Enterprise Sector

The creative industry and enterprise sector requires high quality information, training, mentoring and financial support to build capacity in product designs, access to market and increase job potential.

### Key Actions

1. In liaison with Roscommon Local Enterprise Office, support indigenous creative industry and enterprise sector to sustain, develop and grow their business through mentoring, training in business skills, design, branding and marketing.
2. Enable creative and craft sector to participate in showcase events locally, nationally and internationally.
3. Partner with organisations and agencies to assist the creative industry and enterprise sector to access specialised training, build networks and clusters and promote their business.

## Tosaíocht 5: Feasacht ar Chruthaitheacht agus Cumarsáid

Feasacht a chruthú ar Chlár Éire Chruthaitheach agus eolas a scaipeadh ar bhealach éifeachtach ar fud an chontae le cuimsitheacht agus rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cultúrtha agus cruthaitheacha a cheadú a bheadh chun leasa folláine sóisialta agus eacnamaíochta ár bpobail.

**Príomhghníomhaíochtaí**

1. Feasacht a chruthú agus eolas a scaipeadh tríd ár suíomh gréasáin, oifigí, leabharlanna, Líonraí Rannpháirtíochta Pobail (PPN), foirne baile agus liostaí seachadta.
2. Gné-ailt a fhoilsiú go rialta sna meáin áitiúla le deiseanna, gníomhaíochtaí agus imeachtaí Éire Chruthaitheach á gcur chun cinn agus nuashonrú a dhéanamh ar ár meáin shóisialta: - Twitter agus Facebook.
3. Tuairisciú ar Chlár Éire Chruthaitheach uair sa ráithe ag Lánchruinniú na Comhairle Contae, ag cruinnithe an Choiste um Beartais Straitéiseacha agus an Choiste Forbartha Pobail.

## Priority 5: Creative Awareness and Communication

Create awareness of the Creative Ireland Programme and disseminate information in an efficient manner throughout the county to enable inclusivity and participation in cultural and creative activities beneficial to the social, economic wellbeing of our communities.

**Key Actions**

1. Create awareness and disseminate information through our website, offices, libraries, Public Participation Network (ppn), town teams and mailing lists.
2. Publish regular features in local media outlets promoting Creative Ireland opportunities, activities and events and updates on our social media channels: – Twitter and Facebook.
3. Report on Creative Ireland Programme quarterly at the County Council Plenary Meeting, Strategic Policy Committee and Local Community Development Committee meetings.





4. Leanúint le nasc a chruthú le Comhlachais agus Cumainn Ros Comáin agus leis an Diaspóra d'fhonn ár gcultú agus ár gcruthaitheacht a chaomhnú go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.
5. Go dtiocfadh an Fhoireann Chultúir le chéile uair sa ráithe le monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na Straitéise.
6. Acmhainní daonna a sholáthar le forfheidhmiú Chlár Éire Chruthaitheach a chumasú i Ros Comáin.

4. Continue to forge links with Roscommon Associations and Societies and the Diaspora to preserve our culture and creativity nationally and internationally.
5. Culture Team to meet quarterly to monitor and evaluate the implementation of the Strategy.
6. Provide human resources to enable the realisation and implementation of Creative Ireland Programme in Roscommon.

# 7 Forfheidhmiú 2018
## Implementation 2018

### Duais Saoránachta Cruthaithí an Chathaoirligh

Tá sé mar aidhm ag Duais Saoránachta Cruthaithí an Chathaoirligh béim a chur ar eágsúlacht na n-ealaíona, an chultúir agus na hoidhreachta i gContae Ros Comáin. Is é téama 2018 ná "Mo Ros Comáin" curtha in iúl trí cheann de na meáin chruthaitheacha mar scríbhneoireacht, na hamharc-ealaíona agus na taibhealaíona. Tá Duais Saoránachta Cruthaithí an Chathaoirligh oscailte d'amaitéaraigh faoi ceithre chatagóir .i. daoine fásta, 13-18 bliana, 12 agus faoin bhun agus grúpaí pobail le duais don chéad agus don dara háit i ngach catagóir agus duais fhoriomlán don tionscadal is fearr a léiríonn sainiúlacht agus spiasialtacht Chontae Ros Comáin.

### Music Generation

Tá Music Generation tiomanta cur chun cinn a dhéanamh ar rannpháirtíocht dhaoine óga sa cheol beag beann ar cá mbíonn siad nó cén cúlra socheacnamaíoch a bhaineann leo. Tá sé mar aidhm rochtain chomhionann a chruthú maidir le teagasc uirlise agus deiseanna léirithe do dhaoine óga sa chontae. Tá sé mar aidhm freisin cultúr a fhorbairt mar a mbíonn rannpháirtíocht i gceol neadaithe sa ghnáthshaol agus mar a gceapann leanaí, a dtuismitheoirí agus an pobal i gcoitinne go bhfuil teacht ar theagasc uirlise agus cur i láthair an cheoil mar sheirbhís ábhartha agus riachtanach.

### Cathaoirleach's Creative Citizenship Award

The Cathaoirleach's Creative Citizenship Award aims to highlight the diversity of arts, culture and heritage in County Roscommon. The theme for 2018 is "My Roscommon" communicated through one of the creative mediums of writing, visual and performing arts. The Cathaoirleach's Creative Citizenship Award is open to amateurs under four categories i.e. adult, 13–18 years, 12 and under and community groups with a winner and runner up prize in each category and an overall prize for the project that best captures what makes County Roscommon unique and special.

### Music Generation

Music Generation is committed to promoting participation in music performance by young people irrespective of geographic location or socio-economic background. It aims to create equal access to instrumental tuition and performance opportunities for young people in the county. It also aims to develop a culture whereby participation in music is embedded into the fabric of everyday life and where children, their parents and the wider community view access to music tuition and performance as a relevant and essential service.



### Féile Tradoodle

Cuirfidh an fhéile thraidisiúnta dhá lá seo do leanaí agus do theaghlaigh síneadh leis an gclár Lollipops a bhíonn ar siúl le linn bhriseadh lár téarma mí Dheireadh Fómhair. Sa chéad bhliain, áireofar sa chlár dhá lá rince ar an sean-nós do dhaoine óga, léirithe, ceardlanna scáthphuipéad agus seisiúin. Beidh an fhéile á léiriú ag Thomas Johnston. Baineann obair Thomas Johnston leis na spásanna sin atá idir taighde oideachais agus polasaí maidir le ceol, ríomhfhoghlaim, ceol traidisiúnta na hÉireann, ceol an phobail, eitnicheoleolaíocht, agus na taibhealaíona do leanaí agus lucht féachana óg.

### Tionscnamh Wheels on the Bus

Le tacaíocht mhaoiniú Éire Chruthaitheach i 2017, cuireadh tionscnamh nua ar bun do scoileanna agus naíolanna i Ros Comáin a ceapadh le tacú leis an gcostas taistil a bhaineann le freastal ar sheóanna ag Ionad Ealaíon Ros Comáin le linn Fhéile Lollipops. Leis an teideal "The Wheels on the Bus", ba é an tionscnamh seo ba chúis le 350 ticéad breise a cheannach d'fhéile 2017 agus chabhraigh sé le scoileanna nua, nár fhreastal riamh roimh sin ar imeachtaí ag Ionad Ealaíon Ros Comáin, a mhealladh.

Bunaithe ar an rath a bhí ar an tionscnamh seo tá sé ar intinn cur leis an tionscnamh agus é a chur ar fáil i gcaitheamh na bliana do scoileanna bunaithe i Ros Comáin. Le suas le 10 léiriú in aghaidh na bliana dírithe ar mhargadh na scoileanna agus os cionn 40 bunscoil ar bhunachar sonraí reatha Ionad Ealaíon Ros Comáin, feictear go mbainfidh an tionscnamh "Wheels on the Bus" dhá rud amach, grúpaí nua scoile/naíolainne a mhealladh chuig an ionad agus líon na gcuairteanna in aghaidh na bliana a mhéadú.

### Tradoodle Festival

This two day traditional festival for children and families will see an extension to the Lollipops programme which is held during the October mid-term break. In year one, the two day programme will include sean-nós dancing for early years, performances, shadow puppet workshops and sessions. The festival will be curated by Thomas Johnston. Thomas Johnston's work lies in those spaces between music education research and policy, e-learning, Irish traditional music, community music, ethnomusicology, and performing arts for children and young audiences.

### Wheels on the Bus Initiative

With the support of Creative Ireland funding in 2017, a new initiative was rolled out to schools and crèches in Roscommon designed to support the travel costs of attending shows at Roscommon Arts Centre during the Lollipops Festival. Entitled "The Wheels on the Bus", the initiative generated the purchase of an additional 350 tickets for the 2017 festival and assisted in attracting new schools who had never before attended events at Roscommon Arts Centre.

Based on the success of this initiative it is intended to extend the initiative and make it available on a year round basis to Roscommon based schools. With up to 10 performances a year aimed at the school market and over 40 primary schools on Roscommon Arts Centre's current database, it is envisaged that the "Wheels on the Bus" initiative will achieve two things, attract potential new school/crèche groups to the centre and increase the number of visits per annum.

## Art School Takeover

I ndiaidh an rath a bhí ar Art School Takeover 2017, déanfaidh an leagan seo painéal ealaíontóirí Ionad Ealaíon Ros Comáin a chur in aithne do bhunscoil nua atá bunaithe lasmuigh de Bhaile Ros Comáin.

Trí mhaoiniú Éire Chruthaitheach, ag obair le Naomi Draper, is mian le hIonad Ealaíon Ros Comáin leanúint agus an tionscadal seo a fhorbairt níos mó, ag cur le taithí foghlama na mac léinn a bhíonn i gceist. Ag obair le scoil amháin faoin tuath, beidh Art School "i gceannas" ar scoil trí sheomra ranga ar feadh lae, ag soláthar ceardlanna ar ardchaighdeán ar chleachtais chomhaimseartha ealaíne ar a n-áirítear deánamh scannán, léiriú agus oibriú le foirmeacha 3D. Beidh amharc-ealaíontóirí gairmiúla i mbun na gceardlanna, ag leanúint le héiteas cómhalartach foghlama an mhodha oideachais fhorásach seo. Déanfar thorthaí na gceardlanna seo a fhorbairt chun críche imeachta agus taispeántais lae ag Ionad Ealaíon Ros Comáin, ag tabhairt úinéireachta agus mórtais do mhic léinn as an obair a rinne siad. Cuirfear an tionscadal ar siúl ar fud an chontae le scoil éagsúil á roghnú gach bliain.

## Mná in Amharclannaíocht – Ceiliúradh ar mhná in amharclannaíocht in Éirinn

Is comhthionscnamh é seo idir Strokestown Park House, Iontaobhas Oidhreachta na hÉireann agus Comhairle Conate Ros Comáin. Beidh an seimineár ar siúl i nDeireadh Fómhair 2018 ar an teáma mná in amharclannaíocht.

## Art School Takeover

Following on from the success of Art School Takeover 2017, this iteration will introduce Roscommon Arts Centre's panel of artists to a new primary school based outside of Roscommon Town.

Through Creative Ireland funding, working with Naomi Draper, Roscommon Arts Centre wish to continue and develop this project further, deepening the learning experiences for the students involved. Working with one rural school, Art School will "take over" a three classroom school for one day, delivering high energy workshops in challenging contemporary art practices including filmmaking, performance and working in 3d forms. Professional visual artists will lead the workshops, continuing on the reciprocal learning ethos of this progressive model of education. The outcome of these workshops will be developed for the purpose of a one day event and exhibition at Roscommon Arts Centre, giving the students a sense of ownership and pride in the work they have produced. This project will be rolled out across the county with a different school selected each year.

## Women in Theatre – Celebrating women in theatre in Ireland

This is a joint initiative between Strokestown Park House, the Irish Heritage Trust and Roscommon County Council. The seminar takes place in October 2018 on the theme of women in theatre.





## Crinniú na nÓg

Is tionscnamh de chuid an Chláir Éire Chruthaitheach é Cruinniú na nÓga ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus é curtha i láthair i gcomhar le RTÉ agus na húdaráis áitiúla. Is lá náisiúnta cruthaitheachta é do leanaí agus daoine óga a bhí ar siúl ar 23ú Meitheamh 2018. Tá sé mar aidhm aige ceiliúradh a dhéanamh agus leanaí agus daoine óga a spreagadh le bheith rannpháirteach i gcultúr agus i gcruthaitheacht. Cuirfidh Cruinniú na nÓga lá imeachtaí oiriúnach do leanaí ar fáil a beidh saor in aisce agus bunaithe ar ghníomhaíocht le mórán deiseanna a bheith gníomhach, cruthaitheach, le foghlaim, le smaointe a chomhroinnt agus spraoi. Cuireann rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha agus cultúrtha ó rince go hamhránaíocht go códú, ar chumas ár ndaoine óga teacht chun cinn ina saol pearsanta agus tugann sin na scileanna dóibh a sheasfaidh leo i gcaitheamh a saol.

## Tionscnamh Idirchultúrtha Chontae Ros Comáin

Cuireann cultúr agus cruthaitheacht le taithí dhuine ar –agus den-saol agus is bealach iad le cumarsáid agus le nascadh le daoine eile, leis an sochaí agus leis an domhan. Ceadóidh an Tionscnamh Idirchultúrtha níos mó rochtana ar na healaíona ag mórán mionlach eitneach sa chontae ag cabhrú dá réir le bacanna agus teorainneacha a bhriseadh síos. Baineann an tionscnamh seo le malartú ar chultúr trí líonrú, coimhoibriú agus comhshaothar. Áireofar ar tháirgeacht an tionscadail lá spóirt, imeachtaí ealaíona ildisciplíneach agus taifead físe ar an tionscnamh. Áireofar sa toradh tuiscint níos fearr ar a chéile, malartú ar chultúir, cairdeas cruthaithe agus cóimheas ar dhifríochtaí.

## Crinniú na nÓg

Cruinniú na nÓg is an initiative of the Creative Ireland Programme at the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht and is presented in partnership with RTÉ and the local authorities. It is a national day of creativity for children and young people and takes place on 23rd June 2018. It aims to celebrate and encourage children and young people's participation in culture and creativity. Cruinniú na nÓg will provide a day of child friendly events which will be free and activity-based with plenty of opportunities to be active, creative, learn, share ideas and have fun. Participation in creative and cultural activities from dancing to singing to coding equips our young people to flourish in their personal lives and helps give them skills that will stand to them throughout their lives.

## County Roscommon Intercultural Initiative

Arts and culture add to a person's experience in – and of – life and are a way of communicating and connecting with others, society and the world. The Intercultural Project will allow for more accessibility to the arts by the many ethnic minorities in the county thereby helping to break down barriers and boundaries. This initiative is about an exchange of culture through networking, cooperation and collaboration. The output of the project will include sports days, multidisciplinary arts events and visual records of the initiative. The outcome will include a better understanding of one another, an exchange of cultures, a forging of friendships and a mutual respect for difference.

## Oíche an Chultúir

Is imeacht bliantúil poiblí uile-oileáin í Oíche an Chultúir a dhéanann ceiliúradh ar chultúr, cruthaitheacht agus na healaíona. Ar Oíche an Chultúir ar 21ú Meán Fómhair 2018, osclóidh eagraíochtaí cultúrtha agus ealaíona ar fud an chontae a ndoirse go dtí déanach san oíche leis na céadta imeachtaí, turais, cainteanna agus cur i láthair saor in aisce.

## Ciste Léiritheora Chlosamhairc Réigiún an Iarthair (WRAP)

Is tionscnamh de chuid Ionaid Scannán na Gaillimhe agus Choimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) é Ciste Léiritheora Chlosamhairc Réigiún an Iarthair. Beidh sé ar siúl ar feadh tréimhse trí bliana i gcomhar leis na húdaráis áitiúla i gcontaetha an Chláir, Dhún na nGall, Mhaigh Eo, Ros Comáin agus Shligigh chomh maith le hÚdarás na Gaeltachta.

Is í aidhm an Chiste WRAP éascú a dhéanamh ar fhorbairt, agus infheistíocht i, scannaíocht, teilifís, cluichíocht agus tionscadail beochan i réigiún an iarthair. Táthar ag súil leis go méadóidh sé líon na dtionscadal léirithe ábhair scáileáin sa réigiún, ag cruthú fostaíochta díreach ar 90 jab. Chomh maith le tacú le tionscadail áitiúla, táthar ag súil leis go gcabhróidh an Ciste le cuideachtaí léirithe idirnáisiúnta a mhealladh chuig réigiún an iarthair, le leasa dá réir don gheilleagar níos leithne agus do thurasóireacht chuig an réigiún sa todhchaí.

## Culture Night

Culture Night is an annual all-island public event that celebrates culture, creativity and the arts. On Culture Night 21st September 2018, arts and cultural organisations across the county will open their doors until late with hundreds of free events, tours, talks and performances.

## The West Region Audiovisual Producer's Fund (WRAP)

The Western Region Audiovisual Producer's Fund is an initiative of the Galway Film Centre and the Western Development Commission (WDC). It will run over a three-year period in association with the local authorities in the counties of Clare, Donegal, Galway, Mayo, Roscommon and Sligo as well as Údarás na Gaeltachta.

The objective of the WRAP Fund is to facilitate the development of, and investment in, film, television, gaming and animation projects in the western region. It is hoped that it will increase the number of screen content production projects undertaken in the region, creating direct employment of 90 jobs. As well as supporting local projects, it is hoped that the Fund will also help attract international production companies to the western region, having knock-on benefits for the wider economy and for future tourism to the region.





## Cnuasach – An Scríbhneoireacht Chomhaimseartha is Fearr i gContae Ros Comáin

Tá Clár Forbartha Liteartha Chontae Ros Comáinn ann le roinnt blianta anuas agus tá cuid mhór filíochta agus próis chomhaimseartha ann mar thoradh air. Déanfaidh foilsiú an chnuasaigh seo bailíochtú agus tacú le hobair na scríbhneoirí go léir atá páirteach agus beidh sé mar acmhainn luachmhar do mhuintir an chontae agus níos faide ó bhaile.

## Scoil Samhraidh Percy French

Tá ceiliúradh deich mbliana á dhéanamh ar Scoil Samhraidh Percy French i 2018. Aithnítear an imeacht seo mar cheann de na scoileanna samhraidh is tábhachtaí sa réigiú, agus beidh sé ar siúl ón 11ú Iúil go dtí 13ú Iúil.

## Ros na nÓg

Tugann Féile Leabhar Leanaí Ros na nÓg tacaíocht ghníomhach don chlár Right to Read le tuismitheoirí a spreagadh a leanaí a chlárú sa leabharlann ó aois óg i dtreo is gur féidir leo taitneamh a bhaint as leabhair agus taithí a fháil ar shaol iontach na bpictiúirí agus na léaráidí. Tacaíonn sé le forbairt litearthachta do dhaoine indibhidiúla, do theaghlaigh agus do leanaí mar chuid de chur chuige comhordaithe, inbhuanaithe, caighdeánach áitiúil ar fud an chontae. Tugann an clár Right to Read údaráis áitiúla agus comhlachtaí áitiúla le chéile atá gafa le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt litearthachta agus léitheoireachta sa cheantar áitiúil le cur chuige comhordaithe maidir leis na seirbhísí seo a sholáthar sa phobal. I 2018, tá forfheidhmiú Right to Read dírithe ar thacaíocht a thabhairt do leanaí agus do theaghlaigh.

## Anthology – The Best of Contemporary Writing in County Roscommon

The County Roscommon Literary Development Programme is in place for the past number of years and has resulted in a considerable volume of contemporary prose and poetry. The publication of this anthology will validate and endorse the work of the many writers involved and will be an important resource to the people of the county and beyond.

## Percy French Summer School

The Percy French Summer School is celebrating its tenth anniversary in 2018. The event is acknowledged as one of the premier summer schools in the region, runs from 11th July to 13th July.

## Ros na nÓg

Ros Na nÓg Children's Book Festival actively supports the Right to Read programme to encourage parents to enrol their children in the library from a young age so that they can enjoy books and experience the wonderful world of pictures and illustrations. It supports literacy development for individuals, families and children as part of a locally coordinated, sustainable and standard approach across the country. The Right to Read programme brings together local authorities and local bodies involved in supporting literacy and reading development in the local area for a co-ordinated approach to providing these services in the community. In 2018, the implementation of Right to Read focuses on support for children and families.

### Foilseachán Staire agus Sochaí Ros Comáin

Is é atá i gceist sa tionscadal seo bailiúchán d'fhoilseacháin Staire agus Sochaí Ros Comáin ina bhfuil aistí idirdhisciplíneacha faoin gcontae.

### Deich mBliana de Chomórthaí – Comhdhálacha agus léachtaí

Is ócáidí tábhachtach stairiúla iad na himeachtaí seo a aithníonn agus a thionscnaíonn Comhairle Contae Ros Comáin mar chuid de dheich mbliana de chlár leanúnach comórthaí céad bliain.

Déanfaidh Vótáil 100 marcáil ar chomóradh céad bliain ó tugadh cearta vótála do mhná i 1918 agus cuirfidh Comhairle Contae Ros Comáin clár tailthtaí cuimhneacháin ar siúl i King House, Mainistir na Búille ar 25ú Aibreán 2018.

### Coimisiún Stairiúil

Is contae saibhir é Ros Comáin ó thaobh na staire de agus is ann a rugadh nó a bhí cónaí ar mhórán daoine iomráiteacha. Bhí cumainn agus grúpaí staire an-fhlaithiúil maidir le comhoibriú le mórán ealaíontóirí atá tar éis obair a dhéanamh sa chontae agus cabhróidh an coimisiún amharc-ealaíne seo le bonn foirmiúil a chur faoi seo. Cuirfidh an coimisiún seo béim ar shaol agus ar shaothar Margaret Cousins, sufragóir agus oideoir a rugadh i Mainistir na Búille i 1878. Déanfaidh an coimisiún stairiúil seo imeascadh leis na deich mbliana de chomórthaí, a bheidh ann go bliantúil agus cuirfear cnuasach taispeántais nó catalóg den saothar coimisiúnaithe ar fáil faoi 2022.

### Roscommon History and Society Publication

This project involves the compilation of a Roscommon History and Society publication comprising of interdisciplinary essays on the county.

### Decade of Commemorations – Conferences and lectures

These events are important historical occasions being recognised and initiated by Roscommon County Council as part of its continuing decade of centenaries programming.

*Votail 100* will mark the centenary of the granting of voting rights to women in 1918 and Roscommon County Council will host a commemorative lecture programme in King House, Boyle on 25th April 2018.

### Historical Commission

Roscommon is a historically rich county and has been the home or birthplace of many notable figures. Historical societies and groups have been very generous collaborators with many artists who have produced work in the county and this visual art commission will go some way to formalising that. This commission will highlight the life and achievements of Margaret Cousins, a suffragist and educator born in Boyle in 1878. Integrating into the decade of commemorations, this historical commission will be an annual one and an anthology exhibition or catalogue of commissioned works will be produced by 2022.





### Comhdháil Dhubhghlas de hÍde

I 2018 beidh Comhdháil Dhubhghlas de hÍde ar siúl ón Déardaoin 27ú – Satharn 29ú Meán Fómhair. Is bliain speisialta comhdháil na bliana seo le ceiliúradh á dhéanamh ar 30 bliain de chláir chultúrtha, ealaíona, stairiúla agus oidhreachta. Is é an teideal oibre do 2018 ná Ballaghadereen; a Town in History, ag díriú agus ag machnamh ar roinnt figiúirí agus imeachtaí comórtha inár stair a bhfuil baint acu leis an mbaint a bhí ag Muintir Dillon go stairiúil leis an mbaile.

### Oidhreacht i Scoileanna

Le ceiliúradh a dhéanamh ar Bhliain Eorpach na hOidhreachta Cultúrtha 2018, déanfar ceardlanna scoile a thairiscint do gach bunscoil sa chontae faoin Scéim Oidhreacht i Scoileanna le leanaí a spreagadh le baint a bheith acu le hoidhreacht. Bunaithe ar a gceardlann, cuirfear comórtas ealaíne ar siúl le taispeántas agus searmanas bronnta i mí na Samhna 2018.

### Tionscadal na Meáin Shóisialta

Spreagfaidh an tionscadal seo an pobal le físeán a dhéanamh de thuras oidhreachta ar a gceantar i 60 soicind agus é a roinnt ar a meáin shóisialta féin ag úsáid an haischlib #makeaconnection. Tá sé mar aidhm ag tionscadal na meáin shóisialta seo daoine a spreagadh chuig #makeaconnection le ceiliúradh a dhéanamh ar Bhliain Eorpach na hOidhreachta Cultúrtha 2018.

### Máirseáil na Tána

Tá ceardlann 'laochoiliúna' na mbunscoileanna dírithe ar Mháirseáil na Tána a théann ó thulach Ráth Cruachan ar an Aoine 18ú Bealtaine 2018 agus a théann ar aghaidh chuig Tearmann Bearaigh ar 19ú Bealtaine 2018.

### Douglas Hyde Conference

The 2018 Douglas Hyde Conference takes place from Thursday 27th – Saturday 29th September. This special year of the conference celebrates 30 years of cultural, arts, history and heritage programming. The working title for 2018 is *Ballaghaderreen; a Town in History*, focussing and reflecting on a number of figures and commemorative events in our history that are linked to the town's long historical association with the Dillon Family..

### Heritage in Schools

To celebrate The European Year of Cultural Heritage 2018, schools workshops will be offered to all primary schools in the county under the Heritage in Schools Scheme to encourage children to make a connection with heritage. Based on their workshop, an art competition will be held with an exhibition and award ceremony in November 2018.

### Social Media project

This project will encourage the public to video a heritage tour of their area in 60 seconds and share it on their own social media using the hashtag *#makeaconnection*. This social media project aims to encourage people to *#makeaconnection to celebrate 2018 European Year of Cultural Heritage*.

### Táin March

Primary schools 'warrior training' workshops focuses on the Táin March which sets out from Rathcroghan mound on Friday 18th May 2018 and passes through to Tarmonbarry on 19th May 2018.

**Bealach Náisiúnta Imirceach an Ghorta Mhóir**

Ar dtús, déanfar taighde ar an bhféidearthacht go bhféadfaí feabhas a chur ar Bhealach Náisiúnta Imirceach an Ghorta Mhóir ar an gCanáil Ríoga. Ag brath ar thorthaí na taighde seo, tosófar ar obair maidir le taispeántáin ealaíne a fhorbairt agus mórán imeachtaí tánaisteacha eile.

**Ceiliúradh ar Sheóthaispeántas Ceardaíochta Ros Comáin**

Soláthraíonn Seóthaispeántas Ceardaíochta Ros Comáin ardán do lucht ceardaíochta agus do dhearthóirí lena saothar iontach a chur ar taispeáint. Tá Oifig Fiontair Áitiúil Ros Comáin gafa le bróisiúr Ceardaíochta ardleibhéil a chur ar fáil le léiriú a dhéanamh ar scoth na ceardaíochta agus an dearaidh i Ros Comáin.

**Músaem an Ghabha Óir agus Airgid Erwin Springbrunn**

Ba cheardaí ar leith é Erwin Springbrunn 1939 – 2015. Ba ghabh óir eisceachtúil é agus gearrthóir gemchloiche den scoth. Níor mhar a chéile aon dá phíosa seodra dá chuid. Ba shaothar ealaíne gach ceann acu. Bhí na cruthanna saoráideach agus leitheadach, faoi thionchar na healaíne Ceilteach agus an nádúr agus an fás a bhí ina thimpeall. Bhí cónaí ar Erwin lasmuigh de Dhún Gar, Contae Ros Comáin, agus is anseo freisin a bhí a cheardlann aige. Tá saothar Erwin i mbailiúcháin phríobháideacha agus phoiblí in Éirinn, sa Ríochta Aontaithe, i Meiriceá agus níos faide ó bhaile. Tá a shaothar ar crochadh sa National Museum of Ireland, Collins Barracks agus Basilica in Knock i measc áiteanna eile.

Déanfar ceardlann iomlán Erwin Springbrunn, ar a n-áirítear a uirlisí, a ábhair, a líníochtaí agus a nótaí cáiréiseacha a aistriú agus a chur ar taispeáint is spás saincheaptha i King House, Mainistir na Búille.

**The National Famine Emigrant Way**

Initially, research will be carried out into the possibility of enhancing the National Famine Emigrant Way along the Royal Canal. Dependent on the outcome of this research, work will begin on the development of art installations and many other ancillary events.

**Celebrating Roscommon Craft Showcase**

Roscommon Craft Showcase provides crafters and designers within County Roscommon with the platform to display their magnificent work. Local Enterprise Office Roscommon is in the process of producing a high end Craft brochure showcasing the very best of craft and design in County Roscommon.

**Erwin Springbrunn Master Gold and Silversmith Museum**

Erwin Springbrunn 1939–2015 was a unique craftsman. He was an exceptional goldsmith and an extraordinary gemstone cutter. No two pieces of jewellery were ever the same. Each was a work of art. The shapes were fluid and sweeping, influenced by Celtic art and the nature and growth that surrounded him. Erwin lived outside Frenchpark, County Roscommon, which is where he also had his workshop. Erwin's works grace private and public collections in Ireland, the United Kingdom, America and beyond. His creations hang in the National Museum of Ireland, Collins Barracks and the Basilica in Knock, among others. Erwin Springbrunn's entire workshop including his tools, materials, drawings and meticulous notes and drawings will be moved and exhibited in a custom designed space in King House, Boyle.





**Féile Idirnáisiúnta Ealaíne Snáithín 2018**

Tá dhá thaispeántas i gceist sa bhFéile Idirnáisiúnta Ealaíne Snáithín i 2018 - 'Interconnections 2' agus 'Fate, Destiny and Self Determination'. Beidh an taispeántas se oar siúl ag Áras an Chontae, Ros Comáin i mBealtaine 2018 le rannpháirtíocht ealaíontóirí agus lucht féachana náisiúnta agus idirnáisiúnta araon.

**Deontais Chruthaitheacha Ros Comáin – Glaoch Oscailte**

Is é príomhchuspóir Dheontais Chruthaitheacha Ros Comáin 2018 ná tacaíocht a sholáthar do ghníomhaíochtaí agus tionscadail áitiúla agus pobail, ealaíonta agus cruthaitheach, a spreagfadh cruthaitheacht agus rannpháirtíocht chultúrtha.

Tacaíonn an maoiniú a fhaightear ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil leis an gClár Éire Chruthaitheach agus ceadaíonn sé forfheidhmiú Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2018-2022 Chomhairle Contae Ros Comáin agus forfheidhmiú na dtosaíochtaí straitéiseacha a aithníodh sa Straitéis: Leanaí agus Daoine Óga Cruthaitheacha; Pobail Chruthaitheacha; Bonneagar Chultúir Chruthaitheach; Earnáil Tionsclaíochta agus Fiontraíochta Cruthaitheach; Feasacht agus Cumarsáid Chruthaitheach.

**International Fibre Art Festival 2018**

The International Fibre Arts Festival comprises two exhibitions in 2018–'Interconnections 2' and 'Fate, Destiny and Self Determination'. This exhibition takes place at Áras an Chontae, Roscommon in May 2018 with participation from both national and international artists and audiences.

**Roscommon Creative Grants – Open Call**

The key objective of the Creative Roscommon Grants 2018 is to provide support to local and community, artistic and creative activities and projects that will encourage creativity and cultural participation. The funding allocated from the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht and the Department of Housing, Planning, and Local Government supports the Creative Ireland Programme and allows for the implementation of Roscommon County Council's Culture and Creativity Strategy 2018–2022 and delivery of the strategic priorities identified in the Strategy: Creative Children and Youth; Creative Communities; Creative Culture Infrastructure; Creative Industry and Enterprise Sector; Creative Awareness and Communication.

# 8 Roscommon County Council Creative Ireland Programme 2018–2022

| Téama<br>*Theme* | Tionscadal<br>*Project* | Freagracht<br>*Responsibility* | Year of delivery | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Éire Chruthaitheach**<br>***Creative Ireland*** | Duais Saoránachta Cruthaithí an Chathaoirligh<br>*Cathaoirleach's Creative Citizenship Award* | Oifig Ealaíon/Seirbhísí Corparáideacha<br>*Arts Office / Corporate Services* | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
| **Leanaí agus Daoine Óga Cruthaitheacha**<br>***Creativities Children and Youth*** | Music Generation | Oifig Ealaíon<br>*Arts Office* | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
| | Tradoodle | Ionad Ealaíon Ros Comáin<br>*Roscommon Arts Centre* | 2018 | 2019 | 2020 | – | – |
| | Wheels on the Bus | Ionad Ealaíon Ros Comáin<br>*Roscommon Arts Centre* | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
| | Branar Téatar do Pháisti: Rock n'Roll Rhymes | Ionad Ealaíon Ros Comáin<br>*Roscommon Arts Centre* | – | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
| | Artschool Takeover | Ionad Ealaíon Ros Comáin/Oifig Ealaíon<br>*Roscommon Arts Centre / Arts Office* | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
| | Mná san amharclannaíocht<br>*Women in theatre* | Comhthionscnamh idir Seirbhísí Leabharlainne Chomhairle Contae Ros Comáin, Strokestown Park House, Iontaobhas Oidhreachta na hÉireann<br>*A joint initiative of Roscommon County Council Library Services, Strokestown Park House, the Irish Heritage Trust* | 2018 | – | – | – | – |
| | Cruinniú na nÓg (2018) | Oifig Ealaíon/Seirbhísí Corparáideacha<br>*Arts Office / Corporate Services* | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
| **Ilchineálacht Chultúrtha**<br>***Cultural Diversity*** | Tionscadal Idirchultúrtha<br>*Intercultural Project* | Oifig Ealaíon<br>*Arts Office* | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
| | Oíche an Chultúir<br>*Culture Night* | Oifig Ealaíon<br>*Arts Office* | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
| **Scannán/Digiteach**<br>***Film / Digital*** | Ciste Léiritheora Chlosamhairc Réigiún an Iarthair (WRAP)<br>*The West Region Audiovisual Producer's Fund (WRAP)* | Oifig Ealaíon<br>*Arts Office* | 2018 | 2019 | 2020 | – | – |
| | Máirseáil na Tána Cartún<br>*Táin March Cartoon* | Heritage Office<br>*Oifig Oidhreachta* | – | 2019 | – | – | – |
| **Liteartha**<br>***Literary*** | Cnuasach den Scríbhneoireacht Chomhaimseartha is Fearr i gContae Ros Comáin<br>*Anthology of The Best of Contemporary Writing in Roscommon* | Oifig Ealaíon<br>*Arts Office* | 2018 | 2019 | – | – | – |
| | Scoileanna Samhraidh<br>*Summer Schools* | Oifig Ealaíon<br>*Arts Office* | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
| | Ros na nÓg (Féile Leabhar na Leanaí)<br>*Ros na nÓg (Children's Book Festival)* | Leabharlann<br>*Library* | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
| | Foilseachán Staire agus Sochaí Ros Comáin<br>*Roscommon History and Society Publication* | Oifig Ealaíon<br>*Arts Office* | 2018 | – | – | – | – |

| **Téama**<br>***Theme*** | **Tionscadal**<br>***Project*** | **Freagracht**<br>***Responsibility*** | **Year of delivery** | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Stair**<br>***History*** | Deich mBliana de Chomóradh Vótáil 100 (2018)<br>*Decade of Commemoration Vótáil 100 (2018)* | Oifig Ealaíon agus Leabharlann<br>*Arts Office and Library* | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
| | Deich mBliana de Chomóradh – Coimisiún Staire<br>*Decade of Commemoration – Historical Commission* | Ionad Ealaíon Ros Comáin/Oifig Ealaíon<br>*Roscommon Arts Centre / Arts Office* | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
| | Comhdháil Dhubhghlas de hÍde<br>*Douglas Hyde Conference* | Oifig Ealaíon<br>*Arts Office* | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
| **Oidhreacht**<br>***Heritage*** | Culture Club – Make a Connection<br>*Culture Club – Ceangal a Dhéanamh* | Oifig Oidhreachta<br>*Heritage Office* | – | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
| | Oidhreacht i Scoileanna<br>*Heritage in Schools* | Oifig Oidhreachta<br>*Heritage Office* | 2018 | – | – | – | – |
| | Tionscadal na Meáin Shóisialta<br>*Social Media Project* | Oifig Oidhreachta<br>*Heritage Office* | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
| | Máirseáil na Tána<br>*Táin March* | Oifig Oidhreachta<br>*Heritage Office* | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
| | Bealach Náisiúnta Imirceach an Ghorta Mhóir<br>*The National Famine Emigrant Way* | Oifig Ealaíon<br>*Arts Office* | 2018 | – | – | – | – |
| **Ceardaíocht/Turasóireacht**<br>***Craft / Tourism*** | Ceiliúradh ar Sheóthaispeántas Ceardaíochta Ros Comáin<br>*Celebrating Roscommon Craft Showcase* | LEO | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
| | Taispeántas Comórtha Erwin Springbrunn<br>*Erwin Springbrunn Commemorative Exhibition* | Oifig Ealaíon<br>*Arts Office* | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
| **Amharc-Ealaíona**<br>***Visual Arts*** | Tionscadal Idirnáisiúnta na nEalaíona Snáithín<br>*International Fibre Arts Project* | Oifig Ealaíon/LEO<br>*Arts Office / LEO* | 2018 | – | 2020 | – | 2022 |
| | Wings Residency | Lárionad Ealaíon Ros Comáin<br>*Roscommon Arts Centre* | – | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
| | Taispeántas 2019 Brian O'Doherty<br>*Brian O 'Doherty Exhibition 2019* | Lárionad Ealaíon Ros Comáin<br>*Roscommon Arts Centre* | – | 2019 | – | – | – |
| **Amharc-Ealaíona** | Fóram Amharc-Ealaíontóra Ros Comáin (RVAF) Forbairt Ghairmiúil Leanúnach<br>*Roscommon Visual Artist Forum (RVAF ) Ongoing Professional Development* | Ionad Ealaíon Ros Comáin/Oifig Ealaíon<br>*Roscommon Arts Centre / Arts Office* | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
| | Duais Fhóraim Amharc-Ealaíontóra Ros Comáin<br>*Roscommon Visual Artist Forum Award* | Ionad Ealaíon Ros Comáin/Oifig Ealaíon<br>*Roscommon Arts Centre / Arts Office* | – | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
| **Scéim Deontais**<br>***Grant Scheme*** | Scéim Deontais Ros Comáin Cruthaitheach<br>*Creative Roscommon Grants Scheme* | Seirbhísí Corparáideacha<br>*Corporate Services* | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |



'Star of the Sea' – Compántas Amharclannaíochta Moonfish, curtha i láthair ag Ionad Ealaíon Ros Comáin ar an 1ú Nollaig 2017

*'Star of the Sea' - Moonfish Theatre Company, performed at Roscommon Arts Centre on 1st December 2017*

creative.ireland.ie

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*
2017–2022